


Feidhm: Ag cur ceiste ar dhuine/dhaoine faoi na pleananna atá acu don deireadh seachtaine agus ag freagairt na ceiste sin

Bileog 15.1 agus Bileog 15.2

- Scríobh – *An bhfuil aon rud socraithe agat don deireadh seachtaine?* – ar an chlár dubh agus bí cinnte go dtuigeann na foghlaimeoirí é.
- Cuir thusa an cheist ar gach duine sa rang ansin. Má deir aon duine abairt ar nós – *tá mé ag dul go Gaillimh don deireadh seachtaine* – bain úsáid as an ócáid seo leis na treonna agus gluaiseacht a mhúineadh don rang.
- Tarraing léarscáil d’Éirinn ar an chlár dubh agus múin na habairtí seo a leanas dóibh:



- Scaip **Bileog 15.1** ar an rang agus cuir gach beirt ag obair le chéile. Iarr orthu na bearnaí a líonadh leis na treonna cearta.
- Nuair atá na bearnaí líonta acu cuir an téip ar siúl faoi dhó le seans a thabhairt dóibh a gcuid freagraí a sheiceáil.
- Pléigh na freagraí leis an rang iomlán.
- Scaip **Bileog 15.2** ar an rang agus iad ina mbeirteanna go fóill.
- Míinigh dóibh go gcaithfidh siad cúig áit a mharcáil ar an mhapa - seo iad na háiteanna a mbeidh siad ag tabhairt cuairteanna orthu le linn seachtain saoire a bheas acu.
- Níl cead acu a léarscáil a thaispeáint don duine in aice leo - beidh áiteanna difriúla ag an duine sin.


- Nuair atá na háiteanna marcáilte acu caithfidh siad an cheist – *An bhfuil aon rud socraithe agat don tseachtain seo?* – a chur ar a chéile.
- Tá orthu na háiteanna a bhfuil an duine in aice leo ag dul chucu a bhreacadh ar an léarscáil chomh maith.
- Tabhair seans dóibh ansin cúpla abairt a scríobh faoin duine in aice leo agus na háiteanna a bhfuil siad ag dul. Bí cinnte go bhfuil na téarmaí gluaiseachta atá díreach pléite agat leo sna habairtí a chumann siad. Sampla: *tá sé ag dul ó thuaidh go Dún na nGall.*
- Iarr ar dhaoine éagsúla a rá leat cá háit a bhfuil an duine in aice leo ag dul.
- Míniú doibh go mbeidh siad ag éisteacht le Clár ag déanamh cur síos ar na pleananna atá aici don samhradh. Caithfidh siad nóta a dhéanamh do na háiteanna ar fad a bhfuil sí ag dul chucu.
- Cuir an téip ar siúl faoi dhó agus pléigh na freagraí leis an rang ar fad.

Feidhm: Ag cur ceiste ar dhuine/dhaoine faoi na pleananna atá acu d'ócáidí faoi leith agus ag freagairt na ceiste sin

Bileog 15.3 agus Bileog 15.4A agus B

- Cuir gach beirt ag obair le chéile agus scaip **Bileog 15.3** orthu. Tabhair seans do gach beirt a machnamh a dhéanamh ar an difríocht idir na freagraí.
- Déan plé oscailte ansin ar na habairtí ag barr an leathanaigh leis an rang ar fad.
- Pléigí na pointí seo a leanas agus déan iarracht na pointí a fháil ó na foghlaimeoirí iad féin:
 - *Tá na habairtí ag tagairt do rud a tharlóidh san aimsir fháistineach.*
 - *'Tá mé ag dul' – is féidir an aimsir láithreach agus an t-ainm briathartha a úsáid chun an aimsir fháistineach a chur in iúl.*
 - *Bíonn séimhiú ar an bhriathar a leanann má i gcónaí.*
 - *Bíonn an briathar tar éis má san aimsir láithreach leis an fháistineach a chur in iúl.*
- Tabhair seans dóibh ansin liosta a dhéanamh de na hócáidí is tábhachtaí sa bhliain. Sampla:

An Nollaig
An Cháisc
Laethanta saoire an tsamhraidh
Deireadh seachtaine fada
An Samhain
Breithlá
- Abair le gach duine labhairt le daoine eile sa rang agus an cheist – *An bhfuil aon rud beartaithe agat don Cháisc/Nollaig etc.?* – a chur ar a chéile.
- Bí tú féin thart le cuidiú leo le haon cheist a bheadh acu.
- Nuair atá píosa maith cainte déanta acu iarr ar gach beirt labhairt faoi na rúin éagsúla atá ag Homer.
- Pléigh na rúin ar fad atá ag Homer leis an rang ar fad. Níl anseo ach samplaí:

- *Tá sé beartaithe ag Homer an bia ar fad a ithe má bhíonn go leor ama aige.*
 - *Tá sé beartaithe ag Homer féachaint ar an teilifís má bhíonn an teach aige chuige féin.*
 - *Tá sé beartaithe ag Homer dul ag siopadóireacht má bhíonn fonn air.*
 - *Tá sé beartaithe ag Homer a bheith ina dhochtúir má éiríonn leis staidéar a dhéanamh.*
 - *Tá sé beartaithe ag Homer deoch a ól le cara má bhíonn go leor airgid aige.*
 - *Tá sé beartaithe ag Homer a bheith ina mhúinteoir má bhíonn an deis aige.*
 - *Tá sé beartaithe ag Homer obair a dhéanamh ar an ríomhaire má bhíonn sé saor.*
-  Iarr ar gach duine cuntas gairid a scríobh faoi na pleananna atá aige/aici do na laethanta saoire.
 - Iarr orthu na píosaí a thaispeáint do dhuine eile chun chomhairle a fháil fúthu.
 - Bailigh na píosaí scríbhneoireachta agus ceartaigh iad don chéad rang eile.
- Bíodh cóipeanna déanta agat de **Bhileog 15.4A** do leath an ranga agus cóipeanna de **Bhileog 15.4B** don leath eile.
 - Tabhair **Bileog 15.4A** do dhuine den bheirt agus **Bileog 15.4B** don duine eile.
 - Míneigh dóibh go bhfuil eolas difriúil acu beirt faoi na laethanta saoire a bheas acu – caithfidh siad ceisteanna a chur ar a chéile leis an eolas a aimsiú.
 - Níl cead acu a mbileoga a thaispeáint dá chéile.
 - Tabhair tamall dóibh an t-eolas faoi pointe 1 a ullmhú agus ansin cuirfidh siad na ceisteanna faoi pointe 2 ar a chéile.
 - Iarr ar dhaoine éagsúla an méid a d'fhoghlaim siad ón duine in aice leo a rá os ard.

Feidhm: **Ag moladh rud faoi leith a dhéanamh agus ag glacadh le moladh nó ag diúltú do mholadh**

Bileog 15.5, Bileog 15.6 agus Bileog 15.7

- Scaip **Bileog 15.5** ar an rang agus tabhair seans dóibh an comhrá a léamh.
- Iarr orthu ansin seasamh agus labhairt le gach duine sa rang ag iarraidh socruithe a dhéanamh bunaithe ar na pictiúir agus bunaithe ar an chomhrá ag barr an leathanaigh. Tá an bosca ag bun an leathanaigh ann le cuidiú leo chomh maith.
- Ba cheart go mbeadh a gcomhráite mar seo:
 - *An rachaimid ag imirt gailf tráthnóna?*
 - *Níl fonn orm dul inniu - cad faoi thráthnóna amárach?*
 - *Go breá. An gcasfaimid le chéile ansin nó an mbaileoidh mise tú?*
 - *Casfaimid le chéile ansin.*

- Iarr ar chúpla duine comhrá amháin a bhí eatarthu a rá os ard.
- Abair leo ansin go mbeidh siad ag éisteacht le ceithre chomhrá ar an téip agus go gcaithfidh siad an t-eolas cuí a bhreacadh sa bhosca.
- Cuir an téip ar siúl faoi dhó ar dtús agus bíodh spás ann dóibh idir na comhráite le seans a thabhairt dóibh na freagraí a scríobh síos.
- Cuir an téip ar siúl an tríú huair má shíleann tú go bhfuil gá leis.
- Pléigh na freagraí leis an rang iomlán ansin.
- Scaip **Bileog 15.6** ar an rang agus mínigh dóibh gur réamhobair atá i gceist leis an bhileog seo a bhaineann le halt a bheidh siad ag léamh ar ball faoi Peter Quinn.
- Eagraigh an réamhphlé agus éist leis an méid a bheidh le rá acu.
- Tabhair seans dóibh na focail ar chlé a cheangal leis na focail ar dheis.

Freagraí:

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12
h	f	B	k	e	l	c	a	i	g	d	j

- Ansin abair leo dul siar ar na briathra mírialta agus iarr orthu an sampla a leanúint chun na ceistanna san aimsir fháistineach a chleachtadh.

Freagraí:

An Aimsir Fháistineach – Briathra Neamhrialta

abair (say)

An ndéarfaidh tú? Déarfaidh/Ní déarfaidh

beir (catch, give birth to)

An mbéarfaidh tú? Béarfaidh/Ní bhéarfaidh

clois (hear)

An gcloisfidh tú? Cloisfidh/Ní chloisfidh

déan (make, do)

An ndéanfaidh tú? Déanfaidh/Ní dhéanfaidh

faigh (get)

An bhfaighidh tú? Gheobhaidh/Ní bhfaighidh

feic (see)

*An bhfeicfidh tú? Feicfidh (Cífidh i gcanúint Uladh)/Ní fheicfidh
(eat)*

An íosfaidh tú? Íosfaidh/Ní íosfaidh

tabhair (give)

An dtabharfaidh tú? Tabharfaidh/Ní thabharfaidh

tar (come)


An dtiocfaidh tú? Tiocfaidh/Ní thiocfaidh

téigh (go)

An rachaidh tú? Rachaidh/Ní rachaidh

bí (be)

An mbeidh tú? Beidh/Ní bheidh

- Déan druil leis an rang ar fad ansin ag cleachtadh na mbriathra mírialta san aimsir fháistineach.
- Iarr ar gach duine, ina mbeirteanna go fóill, na ceisteanna 1-3 a phlé le chéile.
- Léigh tríd na ceisteanna leo ar dtús le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud.
- Bí tú féin ag siúl thart i gcónaí le cuidiú leo agus le botún ar bith a chloisfidh tú a cheartú ag deireadh na gníomhaíochta.
- Pléigh na ceisteanna ansin leis an rang iomlán.
-  Seans atá anseo do na foghlaimoirí machnamh agus plé a dhéanamh ar an méid oibre a dhéanann siad idir ranganna. Cuir thusa béim arís ar an tábhacht a bhaineann le do chuid oibre féin a dhéanamh agus tú ag foghlaim teanga.
- Scaip **Bileog 15.7** ar gach beirt agus léigh tríd na treoracha le bheith cinnte go dtuigeann siad cad é atá le déanamh acu.
- Abair leo na bearnaí a líonadh iad féin ar dtús agus ansin a gcuid freagraí a chur i gcomparáid leis an duine in aice leo.
- Léigh an t-alt leis an rang iomlán nuair atá siad críochnaithe.

Freagraí:

Peter Quinn

Le Caoimhe Ní Laighin

*Is duine é Peter Quinn a bhfuil go leor éachtaí déanta aige ina shaol. Le cois an-rath a bheith ar mar fhear gnó le fada anois, bhí baint lárnach aige le forbairt Pháirc an Chrócaigh do Chumann Lúthchleas Gael, **1. bhí** sé mar bhall de Choimisiún na bParáidí, agus ceapadh é ag tús mhí an Aibreáin i mbliana mar an chéad chathaoirleach ar TG4 tar éis don stáisiún neamhspleáchas a bhaint amach ó RTÉ. **2.Labhair** sé go hoscailte le **Caoimhe Ní Laighin** faoina óige agus faoina shaol sa spórt, sna meáin chumarsáide agus sa ghnó.*

An todhchaí

Is léir gur fear gnóthach é Peter Quinn agus gur fear é fosta nach **3.mbeidh** sásta go deo dul ar scor. Gach seans **4.go leanfaidh** sé ar aghaidh ag obair i gcomhthéacs amháin nó i gcomhthéacs eile go dtí go mbeidh sé anonn go maith i mblianta.

Faoi láthair, is iad na himeachtaí is mó atá ag teacht chun cinn ina shaol ná pósadh a chuid mac an bhliain seo chugainn. **5.Beidh** beirt acu ag pósadh agus tá sé ag súil go mór leis an gcaibidil nua seo ina shaol. Tá sé ag súil fosta leis na garpháistí a bhéarfam amach anseo.

Tá cúigear clainne ag Peter – na mic a **6.bheas/bheidh** ag pósadh an bhliain seo chugainn agus triúr cailíní – agus tá baint acu uilig le cúrsaí gnó. Is léir **7.go bhfuil** dlúthchaidreamh ag Peter lena theaghlach go léir, ní hamháin lena pháistí ach lena dheartháir agus a dheirfiúracha fosta. Deir sé go **8.mbíonn** sé ag obair “ar son an teaghlaigh anois – sin an rud is tábhachtaí dom. Chuile rud a dhéanaim, **9.déanaim** ar a son é.”

Tá Peter an-dóchasach, ní hamháin maidir le todhchaí a theaghlaigh ach maidir le todhchaí an Tuaiscirt chomh maith. **10.Measaim** gur féidir leis seasamh siar agus bheith bródúil as an bpáirt atá imeartha aige féin i múnla na todhchaí sin.

Feidhm: Ag iarraidh ar dhuine/dhaoine gar a dhéanamh agus ag cur in iúl go bhfuil nó nach bhfuil tú sásta gar a dhéanamh

Bileog 15.8 agus Bileog 15.9

- Cuir gach beirt le chéile agus scaip **Bileog 15.8** orthu.
- Léigh tríd na treoracha leis an rang ar fad. Mínigh dóibh gur cluiche é ag cleachtadh an dóigh le garanna a iarraidh ar dhaoine san aimsir fháistineach. Beidh cleachtadh ann chomh maith ar na freagraí diúltacha agus dearfacha a thabharfá ar dhuine a iarrann gar ort.
- Bíodh na cártaí ar **Bhileog 15.9** gearrtha agat roimh an rang agus curtha i gclúdach litreach. Bíodh clúdach litreach agat do gach beirt.
- Tabhair seans do gach beirt na cártaí ar fad a phlé.
- Nuair atá siad críochnaithe bain thusa cúpla cárta as clúdach litreach agus iarr ar dhaoine éagsúla na freagraí a thabhairt duit.
- Ceartaigh aon bhotún más gá.
- Tabhair seans do gach beirt ansin comhráite a chumadh bunaithe ar an phictiúr, mar shampla:
 - *Gabh mo leithscéal, an féidir liom cuidiú leat?*
 - *Ní féidir - tá mé go breá, go raibh maith agat.*
 - *Ceart go leor.*
 - *An dtógfaidh tú cúpla bosca ansin, a Thomáis?*
 - *Tógfaidh cinnte! Tá tú marbh.*
- Éist leis na comhráite ar fad a bhí ag an rang agus ceartaigh aon bhotún a chloiseann tú.
- Ansin déan plé ar na bealaí ar fad atá ann le garanna a iarraidh ar dhaoine - go foirmeálta agus go neamhfhoirmeálta.

Foirmeálta:

Modh Coinníollach

An bhféadfá é sin a rá arís, le do thoil?

An ndéarfá é sin arís, le do thoil?

Ar mhiste leat é sin a rá arís, le do thoil?

Aimsir Fháistineach

An ndéarfaidh tú é sin arís, le do thoil?

Neamhfhoirmeálta (leanbh, mar shampla):

Modh Ordaitheach

Abair é sin arís!